



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR II

(110 marc)

DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.50

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Freagair Ceist Iomlán, (a) agus (b), sa Phrós agus san Fhilíocht.

Maidir leis an bPrós:

Tá rogha ann idir an Cúrsa Ainmnithe (leathanach 2) agus an Cúrsa Roghnach (leathanach 5).

Maidir leis an bhFilíocht:

Tá rogha ann idir an Cúrsa Ainmnithe (na leathanaigh 3 agus 4) agus an Cúrsa Roghnach (leathanach 6).

Chun an chuid seo a fhreagairt féach ar na treoracha atá ar leathanach 1.

CEIST 1

– PRÓS AINMNITHE –

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) “Ansin chuaigh an Cearrbhach chuig an Bhás agus dúirt leis go bhfuair sé achainí mhaith an iarraidh seo. ‘Cad é an achainí í?’ arsa an Bás. ‘Chan insím sin do dhuine ar bith,’ arsa an Cearrbhach.” (*An Cearrbhach Mac Cába*)
Tabhair cuntas ar ar tharla don Chearrbhach ina dhiaidh sin go dtí go ndeachaigh sé go hIfreann. (25 mharc)
- (ii) Cén sórt duine é Dia sa scéal seo, dar leat? Déan cur síos **gairid** air agus inis cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sé leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) “Máthair mhaith agus bean chéile mhaith í an bhean sa ghearrscéal *An Bhean Óg*.”
Do thuairim uait faoi sin. (25 mharc)
- (ii) Cén sórt duine é an fear céile sa scéal dar leat? Déan cur síos **gairid** air agus inis cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sé leat. (10 marc)

NÓ

- (i) “ ‘Agus conas tá coileach Sally Tom?’ a d’fhiafraigh fear an bheáir. Tháinig cuma dhuaire ar aghaidh an Choilichín. ‘Faraor,’ ar seisean, ‘ní dócha go mbufaídh sé bonn ar bith eile mura n-éireoidh leis an vet tartháil a dhéanamh air.’ ” (*Coileach Ghleann Phádraig*)
Tabhair cuntas ar ar tharla nuair a thug an tréidlia agus Jim cuairt ar Ghleann Phádraig. (25 mharc)
- (ii) Cén sórt duine é an Coilichín sa scéal seo, dar leat? Déan cur síos **gairid** air agus inis cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sé leat. (10 marc)
- (b) (i) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa – *Fiche Blian ag Fás, Lá Buí Bealtaine / Clare sa Spéir* agus *Lig Sinn i gCathú* – roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

greann
aiféala

grá (**nó** fuath)
saol na hollscoile

an óige (**nó** an tseanaois)
saol na tuaithe

(20 marc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa – *Fiche Blian ag Fás, Lá Buí Bealtaine / Clare sa Spéir* agus *Lig Sinn i gCathú* – roghnaigh **saothar amháin** díobh. Tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann, rud amháin a thaitin leat agus **gairid** ar **dhá** rud amháin nár thaitin leat. (20 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) (a) Conas atá a fhios agat nach raibh Jack beag? (*Jack* thíos).
 (b) Cén post a bhí ag athair Jack?
 (c) Conas atá a fhios agat nár thit Jack i ngrá leis an bhfile an oíche sin?
 (d) Cén saghas urláir a bhí fúthu nuair a bhí siad ag rince? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** íomhá (pictiúr) atá sa dán. Déan cur síos **i d'fhocail féin** ar an dá íomhá sin sa dán. (8 marc)
- (iii) (a) Conas a léirítear sa dán go mbeidh a athair fial le Jack?
 (b) Conas a léirítear sa dán go dtitfidh Jack i ngrá le bean eile?
 (c) Conas a léirítear sa dán gurbh fhearr leis an bhfile Jack ná fear ar bith eile an samhradh sin? (9 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Jack

Strapaire fionn sé troithe ar airde,
 Mac feirmeora ó iarthar tíre,
 Ná cuimhneoidh feasta go rabhas-sa oíche
 Ar urlár soimint aige ag rince,

Fágfaidh a athair talamh ina dhiaidh aige,
 Pósfaidh bean agus tógfaidh siolbhach,
 Ach mar conacthas domhsa é arís ní chífear,
 Beagbheann ar chách mar 'gheal lem chroí é.

Ach ní dhearúdfad a ghéaga im thimpeall,
 A gháire ciúin ná a chaint shibhialta –
 Ina léine bhán is a ghruaig nuachíortha
 Buí fén lampa ar bheagán íle.

Barr dá réir go raibh air choíche!
 Rath is séan san áit ina mbíonn sé!
 Mar atá tréitheach go dté crích air –
 Dob é an samhradh so mo rogha 'pháirtí é.

NÓ

- (i) (a) Cad a gheobhaidh an file nuair a bheidh sé i measc a dhaoine?
 (*Faoiseamh a Gheobhadsa* thíos)
 (b) Cá bhfuil cónaí ar a dhaoine?
 (c) Cad a dhéanfaidh sé gach maidin is tráthnóna?
 (d) Cá fhad a bheidh sé ar an oileán? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** mhothúchán atá sa dán. Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an dá mhothúchán sin sa dán. (8 marc)
- (iii) Luaigh **trí** rud a bhfaighidh sé faoiseamh uathu nuair a bheidh sé lena dhaoine. (9 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Faoiseamh a Gheobhadsa

Faoiseamh a gheobhadsa
 Seal beag gairid
 I measc mo dhaoine
 Ar oileán mara,
 Ag siúl cois cladaigh
 Maidin is tráthnóna
 Ó Luan go Satharn
 Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa
 Seal beag gairid
 I measc mo dhaoine,
 Ó chrá chroí,
 Ó bhuairt aigne,
 Ó uaigneas dhuairc,
 Ó chaint ghontach,
 Thiar ag baile.

- (b) (i) Maidir leis an dán *Gealt?* (thíos), roghnaigh mothúchán **amháin** as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin mothúchán atá roghnaithe agat.

eagla fearg ionadh
áthas faoiseamh imní

(20 marc)

NÓ

- (ii) Maidir leis an dán *Gealt?* (thíos), tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin agus ar íomhá (pictiúr) **amháin** sa dán sin a thaitin (**nó** nár thaitin) leat.

(20 marc)

GEALT?

Léim gealt in airde ar bhus a sé déag inné
agus pitseámaí air – stríocaí liath is dearg orthu!
Shuigh sé síos in aice le fear a raibh babhlaer agus *briefcase* air!
Rug an créatúr greim an duine bháite ar a *bhriefcase*!
Trí shuíochán síos uaidh chrosáil bean a cosa!
Rug máthair greim an duine bháite ar a páiste!
D’fhéach an páiste ar an ngealt!
Rinne an ghealt meangadh mór mantach gáire!

Labhair an tiománaí le fear an *depot*!
Labhair fear an *depot* le lucht 999!
Fuair sé lucht dóiteáin ar dtús is d’fhiafraigh siadsan de
an raibh an ghealt i mbaol nó tré thine nó in airde ar chrann
– Ní raibh!
Bhris an fear dóiteáin an líne!
Ghlan an tiománaí sruth allais dá éadan!
‘A Chríost,’ a scread sé – de chogar ar eagla go gcloisfeadh
gealt na bpitseámaí é – ‘Cuir fios ar na *bloody* Gardaí!’

Tháinig na Gardaí is ghlanadar an bóthar amuigh i Ráth Fearnáin!
Tháinig an t-arm is luíodar taobh thiar dá leoraithe,
meaisínghunnaí crochta!
Tháinig na dochtúirí lena gcuid steallairí is le veist cheangail
... Tháinig an bus!
Bhí fear an *bhriefcase* báite ina chuid allais féin!
Bhí bríste an tiománaí fliuch!
Bhí bean na gcós crosáilte fós coschrosáilte!
Bhí rúnaí a bhí le bheith in oifig mhór i Sráid Chamden
leathuair a’ chloig ó shin anois i Ráth Fearnáin!

Bhí an páiste ag stánadh ar an ngealt!
Bhí an ghealt ag súgradh le cnaipí a phitseámaí
– é fós ag gáire go mantach!
... Stad an bus!
... D’ardaigh an ghealt a cheann!
D’aithin sé dochtúir! D’aithin an veist cheangail!
Is é fós ag gáire léim sé suas is rith amach an doras
Isteach i lámha an dochtúra! Isteach sa veist a bhí gan lámha!

Istigh sa bhus phléasc osna faoisimh!
Níor labhair ach an páiste –
‘A Mhamáí, cén fáth nach ligfeá domsa mo phitseámaí
a chaitheamh ar an mbus?’

Chun an chuid seo a fhreagairt féach ar na treoracha atá ar leathanach 1.

CEIST 1

– PRÓS ROGHNACH –

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **scéal béaloidis** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar dhuine amháin de na carachtair ann. (23 mharc)

Ní mór teideal an scéil sin a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar ghné amháin den scéal sin agus inis cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sí leat. Is leor **dhá** fháth. (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le **gearrscéal** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar na príomhimeachtaí (rudai) a tharla sa ghearrscéal sin. (23 mharc)

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar charachtar amháin sa ghearrscéal sin agus inis cén fáth ar thaitin (**nó** nár thaitin) sé leat. Is leor **dhá** fháth. (10 marc)

- (b) (i) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na téamaí seo a leanas i gceist ann. Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin téama atá roghnaithe agat.

greann aiféala	grá (nó fuath) saol na hollscoile	an óige (nó an tseanaois) saol na tuaithe	(18 marc)
----------------	-----------------------------------	-------------------------------------------	-----------

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na saothair eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, agus **nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh. Tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann, rud amháin a thaitin leat **agus** rud amháin nár thaitin leat. (18 marc)

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** íomhá (pictiúr) a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) An dóigh leat go bhfuil teideal an dáin seo oiriúnach? Cuir fáth **amháin** le do fhreagra. (8 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)

NÓ

- (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **fear nó bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis cén mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)
- (ii) An dóigh leat go bhfuil teideal an dáin seo oiriúnach? (8 marc)
- (iii) Scríobh nóta gairid faoi rud **amháin** sa dán a bhí suimiúil, dar leat. (8 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)

- (b) (i) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **bean**. Tabhair cuntas **gairid** ar cheann **amháin** de na mothúcháin seo a leanas mar a léirítear é sa dán a roghnaigh tú.

eagla	fearg	ionadh	
áthas	faoiseamh	imní	(18 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

NÓ

- (ii) Maidir leis na dánta eile a ndearna tú staidéar orthu le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **bean**. Tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin sin *agus* ar íomhá (pictiúr) sa dán a thaitin (**nó** nár thaitin) leat. (18 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir. (2 mharc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán